SA BHAILE

Roimh Thitim

NA hOÍCHE

le Ian Beck



Digitized by the Internet Archive
in 2023 with funding from
Kahle/Austin Foundation

https://archive.org/details/sabhaileroimhthi0000ianb

SA BHAILE
Roimh Thitim
NA hOÍCHE

le Ian Beck



KILCORMAC
29 JAN 2021
WITHDRAWN

Hippo

Do Lilí, Edmund agus Laurence

Nach ciúin an saol a bhíonn ag Teidí?

Scholastic Children's Books,
Commonwealth House, 1-19 New Oxford Street,
London WC1A 1NU
a division of Scholastic Ltd
London ~ New York ~ Toronto ~ Sydney ~ Auckland
Mexico City ~ New Delhi ~ Hong Kong

First published in the UK by Scholastic Ltd, 1997
This Irish language edition published under the Hippo imprint by Scholastic Ltd, 2000

Text and illustrations copyright © Ian Beck, 1997
Aistrithe go Gaeilge ag Breandán Delap

ISBN 0 439 99928 6 (Irish language)
ISBN 0 590 54277X (Hardback)
ISBN 0 590 19918 8 (Paperback)

Printed in China
All rights reserved

2 4 6 8 10 9 7 5 3 1

The right of Ian Beck to be identified as the author and illustrator of this work has been asserted by him in accordance with the Copyright, Designs and Patents Act, 1988.

This book is sold subject to the condition that it shall not, by way of trade or otherwise be lent, resold, hired out, or otherwise circulated without the publisher's prior consent in any form of binding or cover other than that in which it is published and without a similar condition, including this condition, being imposed upon the subsequent purchaser.



Bhí Teidí ag suí leis féin ar an staighre. Bhí Lilí agus a Mam ag fáil réidh le dul amach.

"Fan," arsa Lilí. "Ní feidir linn imeacht go fóill. Is beag nach ndearnamar dearmad ar Theidí. An créatúr bocht, cheap sé go raibh sé fágtha inár ndiaidh againn."

"Ó tá sé gaofar," arsa Mam. "Tá áthas orm gur chuireamar orainn ár gcuid éadaí troma."
"Is maith le Teidí dul chuig an pháirc," arsa Lilí.

D'fhan siad tamall maith sa pháirc, ag spraoi ar na luascáin agus ag tabhairt aráin do na lachain.

"Tá sé ag fáil déanach," arsa Mam, "agus tá báisteach air. Ar aghaidh linn, caithfimid a bheith sa bhaile roimh thitim na hoíche."

Bhí Lilí chomh tuirseach sin gur thit sí ina codladh. Rug sí barróg ar Theidí ach . . . Ó mo léan, Teidí bocht, lig Lilí dó titim!

Chuaigh Mam agus Lilí abhaile gan Teidí.



Bhí Teidí fágtha leis féin.



Shiúil sé go dtí na ráillí dorcha iarainn.

Bhrúigh sé agus d'fháisc sé agus tharraing sé a bholg isteach go dtí . . .

. . . go raibh sé gafa tríd. Ach bhraith sé AN-bheag amuigh ar an gcosán.

Bhí sé an-chúramach. Shiúil sé trasna na sráide ag an mbealach trasnaithe agus d'fhéach sé ar dheis is ar clé uaidh.

Ó mo léan! Steall carr mór uisce pluda anuas air.

Bhí an oiread sin buataisí agus bróga agus málaí siopadóireachta ar an gcosán, gur caitheadh anonn is anall é, gur tugadh cic dó, gur buaileadh é agus

gur cnagadh sa chloigeann é. Ansin thosaigh sé ag cur báistí. Tháinig an bháisteach anuas níos troime de réir a chéile.

B'éigin do Theidí dul ar foscadh in aice le bosca bruscair. Tháinig madra mór, gruagach ag bolú air.

Cheap Teidí nach bhfeicfeadh sé Lilí riamh arís.



"CAITHFIDH mé a bheith sa bhaile roimh thitim na hoíche. Sin é an uair is mó a mbíonn gá ag Lilí liom." Ar aghaidh leis go cróga suas an cnoc i gcoinne na gaoithe is na báistí.

Bhí an cnoc an-ghéar go deo. Fán am ar shroich sé an barr, bhí sé beagnach dorcha.

Agus bhí an ghaoth an-láidir go deo.

"HÚIS!" a shéid an ghaoth. Thit sé tóin thar ceann,
i mullach a chinn, an bealach ar fad go dtí a theach.

Rinne sé iarracht cnagadh ar an doras lena lapaí fuara, fliucha, ach níor chuala duine ar bith é.

D'fhan sé amuigh sa dorchadas mar sin, ag fanacht, is ag fanacht, is ag fanacht . . .

Go dtí gur dhúirt glór cairdiúil, "A bhéar bhoicht, an ndearna siad dearmad ort? Ná bac, tá a fhios agamsa cad ba cheart a dhéanamh."

Sheol buachaill na nuachtán Teidí tríd an mbosca litreach isteach sa bhugaí te, sábháilte.

Nuair a bhí sé in am dul a luí, dúirt Lilí, "Cá bhfuil Teidí? Ní féidir liom dul a luí gan é. Á seo é! Is breá an saol atá agatsa a Theidí, nach ea?"



Oíche mhaith, a Lilí. Póg, póg.
Agus oíche mhaith a Theidí. Codladh sámh. Ach tá a fhios *againne* cad a tharla i ndáiríre, nach bhfuil?



Leabharlann Chomhairle Uíbh Fhailí

Lá báistiúil amháin, ligeann Lilí do Theidí titim sa pháirc agus fágtar ann é. Níl sé éasca a bheith i do theidí caillte, fuar agus i bhfad as baile. Ach ní féidir le Lilí dul a luí gan é. Caithfidh teidí a bheith ar ais sa bhaile roimh thitim na hoíche.

Leabhar snasta eile is ea é seo ó pheann an duaisbhuaiteora Ian Beck. Bainfidh páistí agus daoine fásta araon sult as an teidí cróga - laoch an leabhair.

Tá Ian Beck ar dhuine de na maisitheoirí leabhair is bisiúla sa mBreatain faoi láthair.
INDEPENDENT

...leabhair ó Ian Beck...bain pléisiúr as na dathanna
T.E.S.

ISBN 0-439-99928-6

9 780439 999281

IR £4.99

SCHOLASTIC